



Suí iomlánach

A9-0301/2021

3.11.2021

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/65/CE a mhéid a bhaineann leis an úsáid a bhaineann cuideachtaí bainistíochta gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) as doiciméid faisnéise bunriachtanaí (COM(2021)0399 – C9-0327/2021 – 2021/0219(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Jonás Fernández

(Nós imeachta simplithe - Rial 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta)

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH	11

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/65/CE a mhéid a bhaineann leis an úsáid a bhaineann cuideachtaí bainistíochta gnóthas le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) as doiciméid faisnéise bunriachtanaí (COM(2021)0399 – C9-0327/2021 – 2021/0219(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0399),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0327/2021),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021¹,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0301/2021),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) An [IO cuir isteach an dáta], ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) .../2021¹⁰ ón gCoimisiún, lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún, *inter alia*, chun go mbeidh sé níos éasca do chuideachtaí bainistíochta, cuideachtaí infheistíochta, agus do dhaoine a dhíolann aonaid GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh úsáid a bhaint as cur i láthair, ábhar agus formáid caighdeánaithe an doiciméid faisnéise bunriachtanaí. ***Mar sin féin, socraíodh an 1 Iúil 2022*** mar dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) .../2021 chun a ndóthain ama a thabhairt do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh ullmhú do dheireadh an tsocráithe idirthréimhsigh agus don oibleagáid doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tháirgeadh dá réir sin. ***Ós rud é gur socraíodh an 1 Iúil 2022 mar dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) .../2021, agus ós rud é go bhfuil gá lena áirithiú go mbeidh deireadh an tsocráithe idirthréimhsigh i gcomhthráth le dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) .../2021, leasaíodh Rialachán Uimh. 1286/2014 cheana féin le Rialachán (AE) .../2021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach go dtí an 30 Meitheamh 2022.***

¹⁰ IO C [...], [...], lch. [...].

Leasú

(5) An [IO cuir isteach an dáta], ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) **2021/...** ón gCoimisiún, lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún, *inter alia*, chun go mbeidh sé níos éasca do chuideachtaí bainistíochta, cuideachtaí infheistíochta, agus do dhaoine a dhíolann aonaid GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh úsáid a bhaint as cur i láthair, inneachar agus formáid chaighdeánach an doiciméid faisnéise bunriachtanaí. ***Ba cheart a léiriú*** le dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) .../2021 ***go bhfuil sé riachtanach*** am leordhóthanach a thabhairt do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh ullmhú do dheireadh an tsocráithe idirthréimhsigh agus don oibleagáid doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas dá réir sin.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an riachtanas maidir le ham leordhóthanach a bheith ann chun ullmhú don oibleagáid maidir le doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tháirgeadh, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 le Rialachán (AE) 2021/...ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach go dtí an 31 Nollaig 2022.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6) Cumhdaítear na ceanglais chéanna faisnéise leis an ‘bhfaisnéis bhunriachtanach don infheisteoir’ a cheanglaítear le hAirteagal 78 de Threoir 2009/65/CE agus leis na ‘doiciméid faisnéise bunriachtanaí’ a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014. Dá bhrí sin, is iomchuí a sheachaint go bhfaigheadh infheisteoirí miondíola in PRIIPanna ar spéis leo aonaid GCUInna a fháil, an dá dhoiciméad i ndáil leis an táirge airgeadais céanna, amhail ón **1 Iúil 2022**. Ba cheart, dá bhrí sin, a leagan síos go measfar go gcomhlíonann an doiciméad faisnéise bunriachtanaí na ceanglais is infheidhme maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a cheanglaítear le Treoir 2009/65/CE.

(6) Cumhdaítear na ceanglais chéanna faisnéise leis an ‘bhfaisnéis bhunriachtanach don infheisteoir’ a cheanglaítear le hAirteagal 78 de Threoir 2009/65/CE agus leis na ‘doiciméid faisnéise bunriachtanaí’ a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014. Dá bhrí sin, is iomchuí a sheachaint go bhfaigheadh infheisteoirí miondíola in PRIIPanna ar spéis leo aonaid GCUInna a fháil, an dá dhoiciméad i ndáil leis an táirge airgeadais céanna, amhail ón **1 Eanáir 2023**. Ba cheart, dá bhrí sin, a leagan síos go measfar go gcomhlíonann an doiciméad faisnéise bunriachtanaí na ceanglais is infheidhme maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a cheanglaítear le Treoir 2009/65/CE. **Ciallaíonn sé sin freisin gur cheart d’infheisteoirí, nach infheisteoirí miondíola, cuideachtaí infheistíochta agus cuideachtaí bainistíochta iad,**

leanúint de ‘faisnéis bhunriachtanach don infheisteoir’ a tharraingt suas i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE, ach amháin má chinneann siad ‘doiciméad faisnéise bunriachtanaí’ a tharraingt suas mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, agus sa chás sin níor cheart do na húdaráis inniúla a cheangal orthu ‘faisnéis bhunriachtanach don infheisteoir’ a sholáthar, agus níor cheart ach an ‘doiciméad faisnéise bunriachtanaí’ a sholáthar do na hinfheisteoirí sin.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 1

Treoir 2009/65/CE

Airteagal 82 a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfidh údaráis inniúla de cheangal ar chuideachta infheistíochta ná, i gcás aon cheann de na cistí coiteanna atá á mbainistiú aici, ar chuideachta bainistíochta faisnéis bhunriachtanach don infheisteoir a tharraingt suas mar a leagtar amach in Airteagail 78 go 82 agus Airteagal 94 den Treoir seo i gcás ina ndéanfaidh sí doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas, a sholáthar, a athbhreithniú agus a aistriú, ar doiciméad é a chomhlíonann na ceanglais le haghaidh doiciméid faisnéise bunriachtanaí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Na forálacha is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2022. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 **Iúil 2022**.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. ***A luaithe a thiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas, in am trátha chun a bharúlacha a thíolacadh, faoi aon dréachtaí de na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá beartaithe acu a ghlacadh sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo.***

Leasú

1. Na forálacha is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2022. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 **Iúil 2023**.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

Leasú

2. ***Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.***

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Leasú a dhéanamh ar Threoir 2009/65/CE a mhéid a bhaineann leis an úsáid a bhaineann cuideachtaí bainistíochta gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) as doiciméid faisnéise bunriachtanaí
Tagairtí	COM(2021)0399 – C9-0327/2021 – 2021/0219(COD)
Dáta tíolactha chuig Parlaimint na hEorpa	15.7.2021
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 13.9.2021
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Jonás Fernández 1.9.2021
Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh	27.9.2021
Pléite sa choiste	27.9.2021
Dáta an ghlactha	29.10.2021
Dáta don chur síos	3.11.2021